# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2012

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

**OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL**

# Leibhéal Comónta

# *NÓS IMEACHTA NA MARCÁLA DON PHÁIPÉAR SCRÍOFA, 2012*
# OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL (OSSP)

**1.** Is éard a bheidh i gceist i nós imeachta na marcála ná:

- Na freagraí ar fad a léamh go cúramach agus anailís chúramach a dhéanamh orthu
- Marcanna a dháileadh ar na comhpháirteanna de réir na scéime comhaontaithe.

**2. Comhpháirteanna**

**Fíricí**

(i) Sonraí a chuirtear i láthair i bhfoirm radharcach a aithint
(ii) Fíricí a lua.

**Ráiteas Iomchuí (AS)**

(i) Argóint, cúis, míniú, léirmhíniú, tuairim, barúil, breithiúnas bailí a bhaineann leis an topaic
(ii) Míniú ar théarma nó ar choincheap a bhaineann leis an topaic
(iii) 2/3 ráiteas trialach
(iv) Léaráid ábhartha

**3. Marcáil**

Cuir tic soiléir mar seo (✓) le gach fíric nó AS.

(i) Ag tosú ag tús an fhreagra, cuir tic (✓) le gach fíric nó AS.
(ii) Ná bronn ach an marc/na marcanna atá comhaontaithe ar an scéim mharcála as gach fíric nó AS.
(iii) I Roinn a Trí, suimigh na marcanna a bhronntar as gach cuid den cheist agus breac síos sa chiumhais ar thaobh na láimhe deise mar seo iad (<), sula ndéanann tú an chuid eile a mharcáil.
(iv) Cuir móriomlán na ceiste laistigh de chiorcal ar chiumhais na láimhe clé in aice le huimhir na ceiste.
(v) Léigh na ceisteanna ar fad, fiú ceisteanna breise, ceisteanna athdhéanta nó ceisteanna cealaithe. Glactar leis an cheist a fhaigheann na marcanna is mó de réir rúibricí an scrúdpháipéir.
(vi) Nuair atá tú críochnaithe leis an script a mharcáil ba chóir duit na marcanna a aistriú chuig an ngreille ar chlúdach an fhreagarleabhair, ceist ar cheist. Cuir na marcanna do na ceisteanna breise idir lúibíní. Faigh iomlán na marcanna ar an ngreille agus dealaigh an farasbarr.
(vii) Ba chóir iomlán carnach a thaifead i mbun chiumhais na láimhe deise ar gach leathanach ar a bhfuil marc iomlán taifeadta agat do cheist iomlán.
(viii) Is é an t-iomlán carnach ná an t-iomlán bun leathanaigh.
(ix) Líon isteach **Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh** ar ghreille thosaigh an pháipéir scríofa. Ba cheart go mbeadh an t-iomlán seo agus an móriomlán ar an ngreille mar an gcéanna nó ba chóir na céimeanna uilig a athdhéanamh.

**Tabhair faoi deara le do thoil:**
Ba chóir cuimhneamh air agus an ghníomhaíocht mholta ar fad á marcáil gur moltaí iad a rinne iarrthóirí 14-16 bliana tríd is tríd.

Ba chóir go léireodh gníomhaíocht mholta, nó réiteach ar cheist ar bith a chuireann iarrthóirí i láthair, dearcadh dearfach i ndáil leo féin, le daoine eile, leis an gcomhshaol agus leis an domhan mór, nó faigheann an t-iarrthóir 0 marc.

## Roinn 1.

**1.** ***Ghrianghraf / Eagraíocht / Cathair***

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Dáil Éireann | 1M |
| | Baile Átha Cliath | 1M |
| (b) | Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe | 1M |
| | Nua-Eabhrac | 1M |
| (c) | Parlaimint an Aontais Eorpaigh | 1M |
| | Strasbourg | 1M |
| (d) | Comhdháil na Stát Aontaithe | 1M |
| | Washington | 1M |

**2.** **Cuir** ***na focail chearta sna spásanna***

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Fine Gael, Lucht Oibre | 1M |
| (b) | tUachtarán | 1M |
| (c) | Reifreann | 1M |
| (d) | Taoiseach | 1M |
| (e) | Dáil | 1M |
| (f) | Chlár na dToghthóirí | 1M |
| (g) | Stormont | 1M |

**3.** ***Meaitseáil teideal na Ranna Rialtais leis an gcur síos***

| | |
|---|---|
| D | 1M |
| A | 1M |
| C | 1M |

## Roinn 2

**Freagair TRÍ CINN de na ceisteanna uimhrithe 1,2,3,4 thíos.**
**Tá 14 mharc ag gabháil le gach ceist.**

**1.** ***Éire Aoischárta***

(a) Cárta cruthúnais aoise — 1M

An Garda Síochána — 1M

Léiríonn sé go bhfuil an aois dhlíthiúil chun alcól a cheannach bainte amach ag an sealbhóir.
Léiríonn sé go bhfuil an sealbhóir 18 mbliana nó os a chionn. — 1M

(b) Aon **DHÁ** píosa eolais ar an gcárta

- Ainm, Dáta breithe, Grianghraf nó aon píosa eolais eile léirithe ar an Aoischárta — 1M +1M

(c) An tAcht Deochanna Meisciúla, 1988 1M

(d) Cur síos ar an chineál oibre a dhéanann an Garda Síochána 2M+2M
m.sh. stiúradh tráchta / tabhairt ticéid pháirceála / tionlacan príosúnach / sa chúirt / an t-aonad fo-uisce / seiceáil luais / oifigeach idirchaidrimh don óige / dualgas gluaisrothar / ag ceolchoirm nó cluiche

| | |
|---|---|
| an t-ainm amháin | 1M |
| Le cur síos | 2M |

(e) **DHÁ** chúis i bhfabhar / **DHÁ** chúis in aghaidh an Gharda Síochána a bheith ag iompar airm **thi**ne. 2M+2M

| | |
|---|---|
| Cúis le míniú soiléir | 2M |
| Cúis dhoiléir | 1M |

- Is ea nó ní hea AMHÁIN – Uasmharc 1M

## 2. *Cumann Siopaí Carthanachta na hÉireann*

(a) Éadaí, leabhair, bróga, gréibhlí agus línéadach tí (Aon dhá cheann) 1M
Díoltar iad. Airgead chun íoc as na seirbhísí a chuireann na carthanais ar fáil 1M

(b) CAITHFIDH na **TRÍ** charthanas a bheith luaite ar an bhFógra Rabhaidh
m.sh. Cheeverstown, Irish Cancer Society, Mater Hospital Shop, MS Ireland, Bernardos, Age Action Ireland, Aware, Oxfam, Vita, Gorta, Enable Ireland, Crosscare, Threshold, Women's Aid, Simon, Society of St Vincent de Paul (SVP) 1M+1M+1M

(c) **Amhras:** faoi cé acu an ar mhaithe leis an gcarthanacht amháin a dhéantar na bailiúcháin seo ó dhoras go doras nó nach ea 2M

| | |
|---|---|
| Míniú maith ar an amhras | 2M |
| Míniú cuibheasach ar an amhras | 1M |

**Slí:** Ceann **AMHÁIN** díobh seo leanas: 1M
Na hearraí atá agat le bronnadh a thabhairt go dtí siopa carthanachta
Fanacht go dtí go dtugann carthanas a aithníonn tú mála bailiúcháin chuig doras do thí
Dul i dteagmháil leis an gcarthanas ar mian leat tacaíocht a thabhairt dó agus a fhiafraí conas is féidir leat tabhartas a dhéanamh nó aon Ráiteas Iomchuí.

(d) Aon ghníomhaíocht chuí agus míniú a chuirfeadh daoine ar an eolas agus a spreagfadh iad chun tacaíocht a thabhairt do siopaí carthanacha. 3M

| | |
|---|---|
| Ainm na gníomhaíochta | 1M |
| Míniú ar an ngníomhaíocht | 2M |
| Míniú maith ar an ngníomhaíocht | 2M |
| Míniú cuibheasach ar an ngníomhaíocht | 1M |

(e) **TRÍ** chúis a n-éiríonn chomh maith sin le siopaí carthanachta 1M+1M+1M
m.sh. is margadh maith iad, tá siad neamhdhíobhálach don timpeallacht, bíonn siad in áiteanna lárnach de ghnáth, soláthraíonn siad airgead do chúiseanna maithe, is slí phraiticiúil iad chun tacú le carthanas, bíonn a lán earraí éagsúla iontu, bíonn rud éigin ann do chách....

Gach cúis : 1M

**3.** ***Cúiseanna leis an aois vótála a ísliú***

(a) 16 1M

Comhairle Náisiúnta na nÓg (NYCI) 1M
Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil, OSSP 1M

(b) **DHÁ** rud a tharlóidh 1M +1M
Beidh tionchar ag daoine óga sa stát daonlathach seo againne
Beidh siad páirteach i dtodhchaí a bpobail áitiúil agus na sochaí trí chéile a chinneadh

(c) Aon **DÁ** chúis iomchuí ón mbileog 1M+1M

(d) Aon ghníomhaíocht iomchuí agus cur síos a spreagfadh daoine óga chun tacú le feachtas chun an aois vótála a ísliú 3M

| | |
|---|---|
| Ainm na gníomhaíochta | 1M |
| Cur síos ar an ngníomhaíocht | 2M |
| Cur síos maith ar an ngníomhaíocht | 2M |
| Cur síos cuibheasach ar an ngníomhaíocht | 1M |

(e) Aon **DÁ** cheist shóisialta iomchuí ar cás le daoine óga iad agus cur síos orthu m.sh. loitiméireacht, bruscar, iompraíocht fhrithshóisialta, ciníochas, leithcheal, dífhostaíocht, bochtanas 4M

| | |
|---|---|
| Ainm na ceiste | 2 × 1M |
| Cur síos ar an gceist | 2 × 1M |

**4.** ***Ceallraí ar ais***

(a) Saor in aisce 1M
Aon CHEANN díobh seo leanas: AA, AAA, C, D agus ceallraí cnapchille nó ceallraí ídithe nó ceallra iniompartha ídithe 1M

I mbosca ceallraí nó i gcoimeádán dá leithéid in áit ghlan thirim amach ó fhoinsí díreacha teasa 1M

(b) Aon **TRÍ** bhealach ar féidir do chuid ceallraí ídithe a bhailiú: 1M+1M+1M
In Ionaid Athchúrsála
I siopaí na miondíoltóirí a dhíolann ceallraí mar seo
Ag ócáidí speisialta bailithe DTTL ar fud na tíre
In ionad bailiúcháin in aice leat

(c) **DHÁ** chúis ar cóir ceallraí a athchúrsáil
Bíonn ceimiceáin iontu, chun a chinntiú nach ndéanfaidh siad an timpeallacht a thruailliú, tá acmhainní tábhachta miotail iontu is féidir a úsáid arís sa tionsclaíocht, chun spriocanna athchúrsála na hEorpa a bhaint amach
1M+1M

(d) Is é an t-eochairfhocal ná **LAGHDÚ** 1M+1M+1M
**Scoil:** m.sh. laghdú ar fótachóipeáil, sconnaí a dhúnadh
**Siopa:** m.sh. stoc a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí, pacáistíocht a athchúrsáil
**Teaghlach/Líon Tí:** m.sh. múiríniú, gan soilse a fhágáil ar lasadh

(e) Mínigh an ceangal idir a bheith i do shaoránach maith agus a bheith ar an eolas mar gheall ar an timpeallacht 3M

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 3M |
| Míniú maith | 2M |
| Míniú Cuibheasach | 1M |

## Roinn 3

**Freagair CEANN AMHÁIN de na ceisteanna uimhrithe 1,2,3,4 thíos.**
**Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.**

## 1. Lá Leanaí Uile an Domhain

**(a)** *Ainmnigh agus mínigh do Thionscadal Gníomhaíochta, agus tú ag lua DHÁ chúis a roghnaigh tú é.* **6M**

| | |
|---|---|
| Ainm agus míniú ar an Tionscadal Gníomhaíochta | = 1M |
| DHÁ chúis ar roghnaigh tú an ghníomhaíocht áirithe seo | = 1M+1M |
| Marc foriomlán | = 3M |

| | |
|---|---|
| An-mhaith | = 3 |
| Maith | = 2 |
| Cuibheasach | = 1 |

**(b)** *Scríobh litir chuig Príomhoide do scoile chun cead a lorg agus ag tabhairt **DHÁ** chúis a dteastaíonn uait an tionscadal seo a dhéanamh* **6M**

Cead a lorg ón bPríomhoide = 1M
DHÁ chúis a roghnaigh tú an Tionscadal Gníomhaíochta =1M+1M
Marc foriomlán = 3M
An-mhaith = 3
Maith = 2
Cuibheasach = 1

**(c)** *Scríobh alt mar gheall ar an Lá do nuachtlitir na scoile .Bíodh alt ann mar gheall ar an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh. Tabhair samplaí de **THRÍ** cheart atá ag leanaí agus conas is féidir go sárófaí na cearta seo.* **8M**

Alt tosaigh ar an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh = 2M
Maith = 2
Cuibheasach = 1
**TRÍ** cheart atá ag leanaí = 1M+1M+1M
Conas is féidir go sárófaí na cearta seo = 3M

Marc foriomlán
An-mhaith = 3
Maith = 2
Cuibheasach = 1

## 2. Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn

**(a)** ***TRÍ** bhealach éagsúla a thiomsódh an RANG airgead agus míniú ar gach cheann* **6M**

**TRÍ** bhealach = 1M+1M+1M
Míniú = 3M
An-mhaith = 3
Maith = 2
Cuibheasach = 1

**(b)** *Póstaer do d'ócáid tiomsaithe airgid:* **6M**

**Critéir don Phóstaer agus don Sluán**: Caithfidh an póstaer / líníocht / grafaic / foclaíocht daoine a spreagadh le hairgead a thabhairt uatha ag d'ócáid tiomsaithe.

| | |
|---|---|
| **Póstaer:** An-mhaith = 3 | **Sluán**: An-mhaith = 3 |
| Maith = 2 | Maith = 2 |
| Cuibheasach = 1 | Cuibheasach = 1 |

Ní bhronntar an t-uasmharc 6M ach amháin sa chás go dtéann an póstaer thar an bhfoclaíocht atá sa cheist.

**(c)** *Ainmnigh agus déan cur síos ar obair* ***CEITHRE*** *fhoireann do do tionscadal tiomsaithe airgid.* **8M**

Ainm do **CEITHRE** fhoireann tugtha go soiléir = 1M+1M+1M=1M

Cur Síos = 4M

An–mhaith = 4
Maith = 3
Cuibheasach = 2
Lag = 0-1

## 3. Ionad don Aos Óg sa Cheantar Áitiúil

**(a)** *Scríobh litir chuig do Theachta Dála áitiúil ag tabhairt* ***TRÍ*** *chúis a rachadh ionad don aos óg chun leasa an phobail agus mínigh go bhfuil tú ag scríobh thar ceann do ranga agus na tuairimí láidre atá ag daoine ar an gceist seo.*
**8M**

Litir chuig TD = 1M
Ag scríobh thar ceann do ranga = 1M
**TRÍ** chúis a rachadh se chun leasa an phobail = 1M+1M=1M
Míniú ar na tuairimí láidre atá ag daoine óga ar an gceist seo = 3M

An-mhaith = 3
Maith = 2
Cuibheasach = 1

**(b)** *Is é téama do Phóstaeir ná cruinniú poiblí chun cheist an ionad don aos óg a phlé.* **6M**

**Critéir don Phóstaer agus don Sluán** : Caithfidh an póstaer / líníocht / grafaic / foclaíocht daoine óga a spreagadh chun freastal ar an gcruinniú poiblí agus a dtuairimí a chur in iúl

**Póstaer:** An-mhaith = 3
Maith = 2
Cuibheasach = 1

**Sluán**: An-Mhaith = 3
Maith = 2
Cuibheasach = 1

Ní bhronntar an t-uasmharc 6M ach amháin sa chás go dtéann an póstaer thar an bhfoclaíocht atá sa cheist.

**(c)** *Ainmnigh agus dean cur síos ar* ***TRÍ*** *ghníomh* ***EILE*** *(seachas cruinniú nó litir) a d`fheadfadh do rang OSSP a dhéanamh chun tacú le hionad don aos óg sa cheantar* **6M**

Ainm **TRÍ** ghníomh eile = 1M+1M+1M
Cur Síos = 3M

An-mhaith = 3
Maith = 2
Cuibheasach = 1

## 4. Coicís Chóirthrádála

**(a)** ***TRÍ*** *argóint chun a áiteamh ar do rang suirbhé faoin gCóirthrádáil a dhéanamh* **6M**

**TRÍ** argóint = 2M+2M+2M

Argóint maith, forbartha go maith = 2M

Argóint chuibheasach = 1M

**(b)** ***TRÍ*** *choiste chun an suirbhé a dhéanamh agus rud* ***AMHÁIN*** *a dhéanfá le torthaí an tsuirbhé* **8M**

Ainm **TRÍ** choiste = 1M+1M+1M

Cad a dhéanfá le torthaí an tsuirbhé = 1M

Marc foriomlán = 4

An–mhaith = 4

Maith = 3

Cuibheasach = 2

Lag = 0-1

**(c)** *Seachas suirbhé, ainmnigh agus déan cur síos ar* ***TRÍ*** *ghníomh chun daltaí a chur ar an eolas mar gheall ar earraí cóirthrádála.* **6M**

Ainm **TRÍ** ghníomh = 1M+1M+1M

Cur Síos = 3M

An-mhaith = 3

Maith = 2

Cuibheasach = 1

# TUAIRISC AR THIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA A MHARCÁIL – 2012

- **Ní mór do gach iarrthóir an TTG a scríobh ina c(h)uid focal féin**

- **Ní mór don iarrthóir leagan amach na tuairisce a leanúint san ord a chuirtear i láthair i Leabhrán Pro-Forma na Roinne Oideachais agus Scileanna é**

- **Ní bhronnfar marcanna as freagraí atá san áit mhícheart.**

- **Níl cead ag iarrthóirí aon iatáin bhreise a chur leis.**

## Leithdháileadh na Marcanna

| | |
|---|---|
| **ROINN 1** | |
| **Teideal** | 3 mharc |
| **ROINN 2** | |
| **Réamhrá** | |
| (a) Coincheap | 4 mharc |
| (b) Míniúchán | 4 mharc |
| **ROINN 3** | |
| **Gníomhaíochtaí a Rinneadh** | |
| (a) Cumarsáid le daoine | 4 mharc |
| (b) Liosta gníomhaíochtaí agus cur síos orthu | 15 mharc |
| (c) Cur síos ar ghníomhaíocht áirithe | 15 mharc |
| (d) Scileanna a cuireadh i bhfeidhm | 15 mharc |
| **ROINN 4** | |
| **Achoimre ar an Eolas** | 30 marc |
| **ROINN 5** | |
| **Smaointe** | 30 marc |
| **Marcanna Iomlána** | 120 marc |

# TUAIRISC AR THIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA

## ROINN 1. Teideal (*Leathanach 2, an chéad leathanach a léitear, an leathanach deiridh a mharcáiltear)*

Teideal soiléir, cruinn agus a bhaineann le hábhar **(3 mharc)**

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scrúdaitheora oiriúnacht an teidil a dheimhniú ach an Tuairisc a léamh, éisteacht léi nó féachaint uirthi ina hiomláine.

| MARC (2) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0** | Teideal nach mbaineann le hábhar nó gan aon teideal a thabhairt nó teidil ar nós 'Mo Thionscadal Gníomhaíochta OSSP' |
| **1** | Teideal leathan ginearálta le fíorbheagán tuisceana faoina bhfuil i gceist leis an Tionscadal Gníomhaíochta |
| **2** | Teideal a chuireann in iúl go soiléir **nádúr** agus **ábhar** an Tionscadail Ghníomhaíochta. |

Cineálacha gníomhaíochtaí agus tic curtha leo

| MARC (1) | CRITÉIR |
|---|---|
| 1 | Tic curtha le bosca(í) ábhartha |

## ROINN 2: Réamhrá (8 marc)

(a) Coincheap 4 mharc

| MARC (1) | CRITÉIR |
|---|---|
| 1 | Tic curtha leis an mbosca ábhartha |

Míniúchán ar an gcaoi a raibh an Tionscadal Gníomhaíochta bunaithe ar an gcoincheap ar cuireadh tic leis

| MARC (3) | CRITÉIR |
|---|---|
| 0 marc | Ní bhaineann an Tionscadal Gníomhaíochta (TG) le OSSP nó níl aon nasc luaite |
| 1 mharc | Tá tic leis an mbosca ach níl ach nasc doiléir leis an gcoincheap a bhfuil tic leis |
| 2 mharc | Míniúchán atá ábhartha agus cruinn ach teoranta.<br>Míniúchán a bhaineann go soiléir le hábhar an TG ach nach bhfuil nasctha leis an gcoincheap a bhfuil tic leis.<br>Níl tic le haon bhosca ach baineann an míniúchán le hábhar an TG |
| 3 mharc | Míniúchán soiléir, ábhartha ar an gcaoi ar bunaíodh an TG ar an gcoincheap a bhfuil tic leis. |

(b) Míniúchán ar cén fáth ar tugadh faoin Tionscadal Gníomhaíochta 4 mharc

| MARC (4) | CRITÉIR |
|---|---|
| 0 marc | Níl aon mhíniúchá(i)n b(h)ailí luaite |
| 1 mharc | Míniúchán lag; gan forbairt nó le forbairt lag. |
| 2 mharc | Míniúchá(i)n réasúnta le fíorbheagán forbartha |
| 3 mharc | Míniúchán maith / míniúcháin mhaithe le roinnt forbartha |
| 4 mharc | Míniúchá(i)n an-mhaith le forbairt an-mhaith a bhaineann leis an Tionscadal Gníomhaíochta a rinneadh. |

## ROINN 3: Gníomhaíochtaí a Rinneadh (49 marc)

**(a) Míniúchán ar chumarsáid le duine/grúpa AMHÁIN de na daoine/grúpaí liostaithe**

**MARC (4 mharc)**

1 mharc — Ainmneacha BEIRTE / DHÁ ghrúpa a ndearnadh cumarsáid leo

1 mharc — Cur síos ar CONAS a rinneadh teagmháil leis an duine/ngrúpa

Grádaithe: 1 mharc — Cur síos réasúnta ar CÉN FÁTH a ndearnadh cumarsáid leis an duine/ngrúpa

2 mharc — Cur síos maith ar CÉN FÁTH a ndearnadh cumarsáid leis an duine/ngrúpa

**(b)** Sa roinn seo ba chóir go **liostófaí gníomhaíochtaí** difriúla a rinneadh i rith chúrsa an Tionscadail Ghníomhaíochta (TG) seo, chomh maith le tuairisc achomair a thabhairt orthu.

**(15 mharc)**

| MARC (15) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 6** | Gan ach beagán de chur síos nó gan aon chur síos ar na gníomhaíochtaí a rinneadh |
| **7 – 10** | Cur síos réasúnta ar ghníomhaíochtaí a rinneadh |
| **11 – 15** | Cur síos an-soiléir ar ghníomhaíochtaí a rinneadh |
| **NÓTA** | Nuair nach gcuireann iarrthóir ach liosta gníomhaíochtaí i láthair (dhá ghníomhaíocht ar a laghad ) agus gan aon chur síos orthu, is é 6 an t-**uasmharc** is féidir a fháil |

**(c) Cuntas Mionsonraithe ar thasc AMHÁIN (15 mharc)**

| | |
|---|---|
| **0 – 2** | Cur síos lag ar thasc/ghníomhaíocht ar leith AMHÁIN |
| **3 – 6** | Cur síos réasúnta ar thasc/ghníomhaíocht ar leith AMHÁIN |
| **7 – 10** | Cur síos mhaith ar thasc/ghníomhaíocht ar leith AMHÁIN |
| **11 – 15** | Cur síos an-mhaith ar thasc/ghníomhaíocht ar leith AMHÁIN |

**Nóta:** mura bhfaigheann iarrthóir aon mharc i gcuid (c), ní féidir leis/léi marc a fháil ach sa chuid 'Míniúchán ar thábhacht …' de (d) thíos.

**(d) Scileanna: Scileanna a ainmniú 2 × 1 mharc** **(2 mharc)**

| | |
|---|---|
| **1 Mharc** | Scil AMHÁIN a ainmniú a bhaineann le hábhar an taisc i gcuid (c) |

**Cur síos ar fheidhmiú scileanna: 2 × 5 mharc** **(10 marc)**

| MARC | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Fianaise lag nó réasúnta ar fheidhmiú |
| **3 – 4** | Fianaise mhaith ar fheidhmiú |
| **5** | Fianaise an-mhaith ar fheidhmiú |

**Míniúchán ar thábhacht scile AMHÁIN agus an TG á dhéanamh** **(3 mharc)**

| | |
|---|---|
| **0 – 1** | Míniúchán lag nó réasúnta ar thábhacht scile AMHÁIN agus an TG á dhéanamh |
| **2** | Míniúchán maith ar thábhacht scile AMHÁIN agus an TG á dhéanamh |
| **3** | Míniúchán an-mhaith ar thábhacht scile AMHÁIN agus an TG á dhéanamh |

## ROINN 4: Achoimre **(30 marc)**

Ba chóir go mbeadh achoimre ar an bhfoghlaim sa roinn seo, áit a dtugann iarrthóir cúig phíosa mhionsonraithe eolais nó cúig fhíric a fuair sé/sí amach i rith chúrsa an Tionscadail Ghníomhaíochta.

| | |
|---|---|
| 5 × 3 mharc a bhronntar ar bhonn 'Fíric chuí'. | 15 mharc |
| Marc Iomlán | 15 mharc |

**Tá an fhoghlaim sa Tionscadal Gníomhaíochta bunaithe ar choincheap, ar shaincheist nó ar théama an Tionscadail Ghníomhaíochta a sonraíodh i Roinn 1 agus Roinn 2(a)**

**Is éard atá i gceist le píosa cuí eolais / fíric chuí ná**

- **(i) Píosa eolais bailí / fíric a bhaineann le hábhar an Tionscadail Ghníomhaíochta (TG)**
- **(ii) 2 phíosa eolais / fhíric thrialacha a bhaineann le hábhar an TG**
- **(iii) Míniúchán ar théarma nó ar choincheap a bhaineann le hábhar an TG**
- **(iv) 2 ráiteas a bhaineann go himeallach le hábhar an TG**
- **(v) Léaráid ábhartha (e.g. píchairt nó barrachairt)**
- **(vi) Torthaí suirbhé a léirítear i bhfoirm staitistiúil.**

| **Marcanna Iomlána** | | 15 mharc |
|---|---|---|
| **Lag** | **0–2** | easpa fócais, gan aon fhorbairt / mhionsonraí, píosaí eolais neamhábhartha, neamhchruinn |
| **Réasúnta** | **3–6** | easpa soiléire, iarracht lag ar achoimre le fíorbheagán forbartha agus mionsonraí. |
| **Maith** | **7–10** | píosaí eolais ábhartha ach le forbairt theoranta agus mionsonraí teoranta. |
| **An-mhaith** | **11-15** | **fócas ceart**, soiléir, cruinn, píosaí eolais agus mionsonraí atá dea-fhorbartha. |

**Nótaí:** Sa chás go nasctar fíricí in aon phointe amháin, is fiú Fíric Chuí **AMHÁIN** iad, i.e. 3 mharc
Maidir le mionsonraí beathaisnéiseacha, stairiúla, tíreolaíocha, eolaíocha, liachta, ní fiú ach Fíric Chuí **AMHÁIN** an ceann iad.

## ROINN 5: Smaointe (30 marc)

Sa Roinn seo ba chóir go léireodh an t-iarrthóir **a smaointe/m(h)achnamh féin** ar na heispéiris éagsúla a bhí aige/aici agus an Tionscadal Gníomhaíochta á dhéanamh agus ba chóir go dtabharfadh sé/sí **cúiseanna** maidir le cén fáth a raibh tionchar ag na heispéiris sin ar a smaointe/t(h)uairimí.

| | | |
|---|---|---|
| **Smaointe** | 3 × 3 mharc a bhronntar ar bhonn Ráiteas Cuí | 9 marc |
| **Cúiseanna** | 3 × 3 mharc | 9 mharc |

| **Marcanna Iomlána** | | 12 marc |
|---|---|---|
| **Lag** | **0 – 2** | gan aon fhorbairt ar na pointí a rinneadh |
| **Réasúnta** | **3 – 5** | pointí déanta le forbairt theoranta |
| **Maith** | **6 – 8** | iarracht mhaith, beagán forbartha ann agus/nó athrá / míchothromaíocht |
| **An-Mhaith** | **9 –12** | smaointeoireacht neamhspleách, smaointe nua, cuirtear ceisteanna, etc. |

**I éard atá i gceist le Ráiteas Cuí**

**(i) Machnamh bailí, argóint bhailí, míniúchán bailí, léiriú bailí, trácht bailí, tuairim bhailí, a bhaineann le hábhar / le próiseas / le scileanna an Tionscadal Gníomhaíochta**

**(ii) A dó nó a trí de ráitis thrialacha**

**(iii) Moladh nó comhairle ábhartha.**

**Caithfidh** baint a bheith ag na ráitis chuí anseo leis an gcoincheap / aonad / téama OSSP a shonraítear i Roinn 1 nó i Roinn 2A agus a bheith de réir dhearcadh an OSSP maidir le cearta an duine agus le freagracht shóisialta

**Nóta 1:** D'fhéadfadh na Ráitis Chuí seo a bheith ag tagairt don **phróiseas** a rinneadh agus/nó d'**ábhar** an Tionscadail Ghníomhaíochta agus/nó do na **scileanna** a forbraíodh/a úsáideadh i rith chúrsa an TG.

**Nóta 2:** Caithfidh an chúis agus na smaointe a bheith le chéile i gcónaí.

**Nóta 3:** **Mura** luaitear **aon chúiseanna**, is é **8** an t-uas-Mharc Iomlán.

# LEABHAR MEASÚNAITHE OBAIR CHÚRSA A MHARCÁIL

**Oideachas Saoránach, Sóisialta & Polaitiúil – 2012**

- **Sa Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa déanfaidh an t-iarrthóir tuairisc ar mhodúl den obair chúrsa atá críochnaithe aige/aici**
- **Tá roinn ÉIGEANTACH sa Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa chun tuairisc a dhéanamh ar an Tionscadal Gníomhaíochta. Sin Roinn 4 den leabhar.**
- **Caithfidh baint ag bheith ag an Tionscadal Gníomhaíochta leis an modúl sonrach**
- **Ní fhéadfaidh iarrthóir cur síos mionsonraithe a thabhairt ar ghníomhaíocht nó ar scil áirithe ach UAIR AMHÁIN sa Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa. Tá sé seo tábhachtach sa tuairisc ar *Rudaí atá déanta agam: Cuntas ar thrí rang atá mar chuid den mhodúl* agus ar na leathanaigh i gcomhair *Cuntas ar an Tionscadal Gníomhaíochta.* Ní féidir an ghníomhaíocht nó an scil chéanna a úsáid chun ranna éagsúla sa Leabhar Measúnaithe Obair Chúrsa a fhreagairt.**

## Leithdháileadh na Marcanna

| | | | |
|---|---|---|---|
| **ROINN 1** | | | |
| **Teideal** | | 3 mharc | 3 |
| **ROINN 2** | | | |
| **A raibh i gceist leis an modúl obair chúrsa** | | 7 marc | 7 |
| **ROINN 3** | | | |
| **Rudaí atá déanta agam** | | | |
| | Rang amháin | 2+8+5+5 mharc | |
| | Rang eile | 2+8+5+5 mharc | |
| | Rang eile fós | 2+8+5+5 mharc | 60 |
| **ROINN 4** | | | |
| **Rudaí atá déanta agam** | | | |
| **Tionscadal Gníomhaíochta** | | 3+3+8+8+8 marc | 30 |
| **ROINN 5** | | | |
| **Rud atá le rá agam** | | 2+8+10 marc | 20 |
| | **Marcanna Iomlána** | | **120** |

# LEABHAR MEASÚNAITHE OBAIR CHÚRSA

## ROINN 1.

## TEIDEAL

**(3 mharc)**

| MARC (3) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0** | Teideal nach mbaineann le hábhar nó gan aon teideal a thabhairt nó teidil ar nós 'Mo Mhodúl d'Obair Chúrsa OSSP' |
| **1** | Teideal leathan ginearálta le fíorbheagán tuisceana faoina bhfuil i gceist leis an Modúl Obair Chúrsa |
| **2** | Tuiscint ghinearálta faoina bhfuil i gceist leis an Modúl Obair Chúrsa |
| **3** | Léirítear go soiléir a bhfuil i gceist leis an Modúl Obair Chúrsa |

## ROINN 2

## A raibh i gceist leis an modúl obair chúrsa **(7 marc)**

**5 phíosa eolais riachtanach le haghaidh na marcanna iomlána. D'fhéadfaí tagairt don Tionscadal Gníomhaíochta a rinneadh a bheith san áireamh.**

| MARC (7) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0** | Ní dhéanann ach an teideal a athrá |
| **2 + 2 + 1+1+1** | Déantar tagairt do 5 chuid éagsúla den Modúl Obair Chúrsa |

# ROINN 3: Rudaí atá déanta agam

**(20 marc × 3)**

**3.1. Rang Amháin** (4 chuid le comhlánú - 2 + 8 + 5 + 5)
**3.2. Rang Eile** (4 chuid le comhlánú - 2 + 8 + 5 + 5)
**3.3. Rang Eile Fós** (4 chuid le comhlánú - 2 + 8 + 5 + 5)

**A. An Príomhábhar**

| MARC (2) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0** | Gan ábhar luaite nó teideal neamhábhartha curtha ar an ábhar |
| **1** | An Príomhábhar luaite ach doiléir |
| **2** | An Príomhábhar luaite go soiléir |

**B. Cur Síos Gairid**

| MARC (8) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Cur síos lag ar ar tharla |
| **3 – 5** | Cur síos réasúnta ar ar tharla |
| **6 – 8** | Cur síos soiléir ar ar tharla |

**C: Rud tábhachtach amháin a d’fhoghlaim mé**

| MARC (5) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Ráiteas lag faoinar foghlaimíodh |
| **3 – 5** | Ráiteas soiléir faoinar foghlaimíodh |

**D. An rud a rinne é seo suimiúil**

| MARC (5) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Míniúchán lag ar céard a rinne an rang seo suimiúil |
| **3 – 5** | Míniúchán soiléir ar céard a rinne an rang seo suimiúil |

Cuirtear an scéim mharcála seo i bhfeidhm ar na trí chuntas ar ranganna a ndéantar cur síos orthu.

Ná déan dearmad: ní thuilleann an t-athrá aon mharcanna.

# ROINN 4: Rudaí atá déanta agam:Tionscadal Gníomhaíochta

**Tionscadal Gníomhaíochta** (5 chuid le comhlánú - 3 + 3 + 8 + 8 + 8) 30 marc

### 4.1 Teideal an Tionscadail Ghníomhaíochta

| MARC (3) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0** | Gan teideal nó teideal neamhábhartha |
| **1** | Teideal doiléir |
| **2** | Teideal ginearálta |
| **3** | Teideal soiléir agus ábhartha |

### 4.2 An fáth a ndearnadh an Tionscadal Gníomhaíochta

| MARC (3) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 1** | Míniúchán lag ar an bhfáth a ndearnadh an TG. |
| **2 – 3** | Míniúchán soiléir ar an bhfáth a ndearnadh an TG |

### 4.3 Cur síos ar Ghníomhaíocht amháin

| MARC (8) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Cuntas lag ar an ngníomhaíocht |
| **3 – 5** | Cuntas réasúnta ar an ngníomhaíocht |
| **6 – 8** | Cuntas soiléir ar an ngníomhaíocht |

### 4.4 Dhá rud a foghlaimíodh as an Tionscadal Gníomhaíochta

| MARC (2 × 4 = 8) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Ráiteas lag maidir leis na rudaí a foghlaimíodh |
| **3 – 4** | Ráiteas soiléir maidir leis na rudaí a foghlaimíodh |

### 4.5 Scil amháin a d'úsáid mé le linn an Tionscadail Ghníomhaíochta seo

(a) Scil amháin luaite go soiléir **- 2 Mharc**
(b) Cur síos ar an gcaoi ar úsáideadh an scil

| MARC (6) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Fianaise lag ar fheidhmiú |
| **3 - 4** | Fianaise réasúnta ar fheidhmiú |
| **5 – 6** | Fianaise shoiléir ar fheidhmiú |

**Nóta: Más in 4.5 (b) amháin a luaitear an scil sa chur síos, cuir i bhfeidhm na marcanna don chur síos amháin; uasmhéid 6 mharc.**

# ROINN 5: Rud atá le rá agam

Rud atá le rá 2+8+10 marc **(20 marc)**

**Ceist**
Féadfaidh baint a bheith ag an gceist le topaic, le téama nó leis an bpróiseas foghlamtha, etc.

| MARC (2) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0** | Gan aon cheist luaite nó an cheist neamhábhartha |
| **1** | Ráiteas doiléir maidir leis an gceist |
| **2** | An cheist luaite go soiléir |

**Tuairimí faoin gceist**

| MARC (8) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 2** | Tuairimí faoin gceist a roghnaíodh léirithe go lag |
| **3 – 5** | Iarracht déanta tuairimí a léiriú le roinnt nótaí tacaíochta |
| **6 – 8** | Tuairimí léirithe agus forbartha go soiléir |

**An rud is féidir a dhéanamh**

| MARC (10) | CRITÉIR |
|---|---|
| **0 – 4** | Léirithe go lag nó smaoineamh neamhréadúil / smaointe neamhréadúla faoin rud is féidir a dhéanamh |
| **5 – 7** | Smaoineamh/smaointe réasúnta faoin rud is féidir a dhéanamh agus seans éigin go bhféadfaí é a bhaint amach |
| **8 – 10** | Smaoineamh/smaointe soiléir(e) faoin rud is féidir a dhéanamh, a d'fhéadfaí a bhaint amach |

Leathanach Bán